ParlEU2013.ie

Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh
An Ghné Pharlaiminteach

Irish Presidency of the Council of the European Union
Parliamentary Dimension

27 Márta 2013

**Cuireadh chuig an gCruinniú de Chathaoirligh na gCoistí Comhshaoil agus Fuinnimh, 12-13 Bealtaine 2013**

A Chomhghleacaí, a chara,

Mar Chathaoirligh an Chomhchoiste Oireachtais um Chomhshaol, Cultúr agus Gaeltacht agus an Chomhchoiste Oireachtais um Iompar agus Cumarsáid, cuireann sé an-áthas orainn cuireadh a thabhairt duit teacht chuig an gCruinniú de Chathaoirligh na gCoistí Comhshaoil agus Fuinnimh a thionólfar i mBaile Átha Cliath mar chuid de ghné pharlaiminteach Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Tionólfar an cruinniú Dé Luain, an 13 Bealtaine 2013, i dtimpeallacht stairiúil Chaisleán Bhaile Átha Cliath agus déanfaidh Tithe an Oireachtais dinnéar a óstáil roimh ré i nGarraithe na Lus oíche Dé Domhnaigh, an 12 Bealtaine 2013.

Tá an dréachtchlár agus foirm chlárúcháin don chruinniú istigh leis seo. Is féidir áirithintí óstáin a dhéanamh ar-líne tríd an suíomh gréasáin: http://cms.ihfhousingbureau.com/ENG/event81_12May13.html Déan deimhin de, más é do thoil é, go ndéanfar na háirithintí óstáin agus na clárúcháin a luaithe is féidir agus faoin 17 Aibreán 2013 ar a dhéanaí.

Táimid ag tnúth go mór le tú a fheiceáil i mBaile Átha Cliath.

Sinne le meas,

Micheál Mac Cárthaigh, T.D.
Cathaoirleach
An Comhchoiste Oireachtais um Chomhshaol, Cultúr agus Gaeltacht

Tomás Ó hAodha, T.D.
Cathaoirleach
An Comhchoiste Oireachtais um Iompar agus Cumarsáid